An Roinn Oideachais
Department of Education

# Clár Samhraidh 2025
# ‘Muinín agus Naisc a Chothú’

## Bunscoileanna Príomhshrutha

Forléargas – Téarmaí agus Coinníollacha

# Clár

**Cúlra** 4

Clár Samhraidh 2025 4
Téama do Chlár Samhraidh 2025 6
Cad atá ar siúl do 2025 6
An Clár Béilí Scoile agus An Clár Samhraidh 6
Cad é ata ag leanúint ar aghaidh in 2025 6
Bearta chun scoileanna a éascú leis an gclár a thairiscint. 7

**1. An Scéim Bunscoile** 9

Incháilitheacht daltaí 9
Fad na Scéime 12
Leithdháileadh Foirne – An líon grúpaí 12
An líon is lú daltaí atá ag teastáil 12

**2. Campa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta/Campaí Samhraidh** 14

Incháilitheacht daltaí 14
Fad an chláir 14
Leithdháileadh foirne 14
An líon íosta daltaí is gá 14
Oiliúint foirne 15

**3. An Próiseas Iarratais** 16

**Tairseach Clárúcháin Ar Líne** 16
**Achomhairc ar Leithdháileadh Acmhainní** 16

**4. Acmhainní foirne** 17

Ról an Eagraí 17
Ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh 18
Ról an Mhúinteora 19
Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta (CRS) 19
Baill foirne sheachtracha a earcú 19
Múinteoirí céime a earcú 20
Múinteoirí MGO faoi oiliúint a earcú 20
Múinteoirí fochéime faoi oiliúint a earcú 20

**5. Eolas don Fhoireann** 21

Rátaí íocaíochta 21
Rátaí pá ionaid 21
Incháilitheacht múinteoirí/CRSanna atá ar shaoire cheadaithe 21
Múinteoirí ar scor 21

**6. An Próiseas Íocaíochta** 22

**7. Tacaíochtaí breise** 23

Íocaíocht Deontais Daltaí an Chláir Samhraidh 23
Iompar 23

**8. An Clár Béilí Scoile agus An Clár Samhraidh** 25

Ag Roghnú Soláthrai 26
Scoileanna á n-aisíoc le haghaidh béilí scoile 28

**9. Tuilleadh eolais** 29

Cosaint Leanaí 29
An Ghaeilge 29
Treoirlínte Sláinte Poiblí 29
Fad an lae scoile 30
Fiosruithe agus Tacaíocht 30

# Cúlra

## Clár Samhraidh 2025

Tá Clár Samhraidh na bliana seo ag tógáil ar na tionscnaimh le ceithre bliana anuas.Is í an phríomhthosaíocht do Chlár Samhraidh 2025 ná a chinntiú go mbeidh rochtain ar chlár scoilbhunaithe ag na leanaí agus daoine óga a bhfuil na riachtanais is casta acu. Tá clár na bliana seo deartha agus forbartha lena chinntiú go ndírítear tacaíochtaí chun cuidiú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu.

1. An Scéim Bunscoile
2. Camp(aí) Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS.

Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú le folláine daltaí trína muinín a chothú agus trína muintearas lena scoil agus lena bpiaraí a fheabhsú. Déantar iarracht freisin tacú le leanaí agus le daoine óga atá ag príomhchéimeanna aistrithe ina bhforbairt oideachais dul chun cinn a dhéanamh chuig a socrúchán oideachais pleanáilte i mí Mheán Fómhair.

Bhí drochiarmhairtí ag paindéim COVID-19 agus an cur isteach dá bharr ar oideachas go leor leanaí agus a dteaghlaigh. Ba mhó an tionchar a bhí aige seo ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus orthu siúd is mó atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachais. Bhí baol cúlchéimnithe ar fhoghlaim, ar fhorbairt shóisialta agus mhothúchánach agus ar fholláine na leanaí seo toisc gur cuireadh isteach ar ghnáthaimh na scoile, ar idirghníomhú sóisialta le cairde agus ar thacaíochtaí scoile eile. Spreagann an Roinn Oideachais gach scoil aitheanta an tionscnamh a reáchtáil le linn laethanta saoire an tsamhraidh ag am a oireann don fhoireann agus do dhaltaí.

Spreagann an Roinn Oideachais gach scoil aitheanta an tionscnamh a reáchtáil le linn laethanta saoire an tsamhraidh ag am atá oiriúnach don fhoireann agus do dhaltaí.

Tá an Roinn Oideachais ag éileamh go mbeadh gach bunscoil páirteach i soláthar Chlár Samhraidh.

I mí an Mheithimh, mí Iúil agus mí Lúnasa 2024, thug cigirí cuairt ar chláir samhraidh in 115 scoil: 29 bunscoil, 70 iar-bhunscoil, agus 16 scoil speisialta. I rith na gcuairteanna, d'fhéach na cigirí ar an gcaoi ar ullmhaigh an scoil le haghaidh an chláir, na gníomhaíochtaí a bhí ar bun agus rannpháirtíocht na leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí. I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2024, d'fhill cigirí ar 34 de na scoileanna: 12 bhunscoil, 17 n-iar-bhunscoil agus 5 scoil speisialta. I rith na gcuairteanna ar filleadh orthu, bhí cruinnithe ag na cigirí i ngrúpaí le roinnt de na daoine óga a bhí rannpháirteach sa chlár, le roinnt tuismitheoirí agus múinteoirí. D'fhéach na cigirí freisin ar an gcaoi ar thuairiscigh na daoine sin a bhí rannpháirteach sa chlár samhraidh ar dhul chun cinn na ndaoine óga chuig a scoil agus chuig a dtuismitheoirí.

I measc na bpríomhchinntí de na cuairteanna cigireachta, tá an méid seo a leanas:

- **Chothaigh na baill foirne ar chláir samhraidh caidreamh maith leis na leanaí agus daoine óga.**
- **Mhothaigh na leanaí agus daoine óga muintearas agus go raibh fáilte rompu ar scoil le linn an chláir.**
- **D'fhorbair na leanaí agus daoine óga dlúthchaidreamh, a neartaigh a nasc le pobal na scoile.**
- **D'fhorbair na leanaí agus daoine óga scileanna sóisialta ar nós tuiscint a fháil ar dhifríochtaí agus meas a thabhairt ar an éagsúlacht.**

- **Mhothaigh beagnach na múinteoirí, príomhoidí, eagraithe na gclár agus na bainisteoirí go léir go ndearna an clár samhraidh difríocht do na leanaí agus daoine óga nuair a d'fhill siad ar an scoil i mí Mheán Fómhair**

I rith cruinnithe le cigirí ag na cuairteanna leantacha, labhair a lán múinteoirí faoin gcaoi inar thacaigh a rannpháirteachas sa chlár samhraidh lena gcleachtas gairmiúil féin. Leis an gclár samhraidh, fuair múinteoirí an deis chun aithne a chur ar na leanaí i gcomhthéacsanna éagsúla, agus mar thoradh air sin, thuairiscigh siad go raibh tuiscint níos fearr acu anois ar riachtanais na leanaí agus bhí siad in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh.

Rud atá tábhachtach freisin ná gur inis líon suntasach tuismitheoirí, go háirithe tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu, do na cigirí an chaoi inar tugadh tacaíocht dóibh agus dá dteaghlaigh i gcoitinne leis an gclár samhraidh. San áireamh sna tacaíochtaí a bhí ann, bhí a leanbh anois in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht lasmuigh den bhaile, nár tharla riamh cheana do roinnt díobh.

*Tabhair faoi deara:* ní thagraíonn scoil ach do scoil atá aitheanta faoi Alt 10 (3) den Acht Oideachais 1998.

## Téama do Chlár Samhraidh 2025

Is é 'Muinín agus Naisc a Chothú" an téama atá ann go fóill do chlár na bliana seo. Aithnítear go forleathan go bfuil an taithí le piaraí mar chomhthéacs forbartha tábhachtach do leanaí agus do dhéagóirí. Le caidreamh piaraí, cuirtear comhthéacs ar leith ar fáil ina bhfoghlaimíonn leanaí raon scileanna mothúchánacha sóisialta tábhachtacha, ar nós comhbhá, comhoibriú, agus straitéisí réiteach fadhbanna. Piaraí, nó grúpa daoine óga a bhfuil spéiseanna den chineál céanna acu, atá ar aois den chineál céanna nó a bhfuil cúlra den chineál céanna acu, tá siad mar fhoinse eolais, aiseolais agus tacaíochta thábhachtach do dhaoine aonair agus tuiscint ar a nádúr féin á forbairt acu.

Tá sé i gceist gur eispéireas taitneamhach a bheidh sa Chlár Samhraidh do leanaí agus do dhaoine óga agus don fhoireann araon. Ba chóir go léireodh an raon gníomhaíochtaí téama na bliana seo agus go mbeadh deiseanna rannpháirtíochta dalta-lárnach, súgartha-bhunaithe ann.

Beidh ar Eagraí Clár Samhraidh gach scoile freastal ar oiliúint ar líne a bheidh á héascú ag Ionad Oideachais. Mar aon leis sin, déanfar tuilleadh deiseanna comhoibrithe agus comhroinnt taithí a éascú d'Eagraithe.

Cuirfear tacaíochtaí, treoir agus ábhar oiliúna ar fáil do scoileanna agus don fhoireann chun cabhrú le clár na bliana seo a fhorbairt agus a sheachadadh.

## Cad atá ar siúl do 2025

## An Clár Béilí Scoile agus An Clár Samhraidh

Tá sé beartaithe sa Samhradh in 2025 tús a chur le tionscadal píolótach 'Ocras Saoire' a chuirfear i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as Clár Béilí Scoile na Roinne Coimirce Sóisialaí agus as Clár Samhraidh na Roinne Oideachais.

Beidh scoileanna atá incháilithe don Chlár Béilí Scoile in ann béilí a chur ar fáil don Chlár Samhraidh. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil sa rannán Soláthar Béilí Scoile de Chlár Samhraidh 2025 do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta Forbhreathnú – Téarmaí agus Coinníollacha.

Is tionscnamh tábhachtach é seo mar chuid de thosaíocht an Rialtais chun troid i gcoinne ocrais i rith na saoire. Beifear in ann na costais a laghdú a bhaineann le Clár Samhraidh a reáchtáil do scoileanna freisin mar thoradh air. Ós rud é gur clár píolótach é an clár seo, déanfar athbhreithniú air sa 3ú ráithe de 2025.

Is féidir aon fhiosruithe maidir leis an gClár Béilí Scoile a sheoladh chuig School.Meals@welfare.ie.

## Cad é ata ag leanúint ar aghaidh in 2025

Bhí scéimeanna ar leith ann roimhe seo don Chlár Ionchuimsitheachta agus do Ranganna Speisialta. Cuirtear **Scéim na mBunscoileanna** in ionad an dá scéim sin agus déantar iad a chomhtháthú ina scéim chomhtháite amháin do bhunscoileanna príomhshrutha. Tá sé ar oscailt fós do scoileanna chun áiteanna a thairiscint do dhaltaí atá cláraithe i ranganna speisialta, do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chasta acu i

ranganna príomhshrutha agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Tá sonraí iomlána ar fáil sa chuid thíos faoi scéim na mbunscoileanna.

I gclár na bliana seo, coimeádtar ról an **Eagraí**, a tháinig in ionad uaireanta ullmhúcháin sna blianta roimhe seo, chun tacú le scoileanna lena bpleanáil agus lena rannpháirtíocht sa Chlár Samhraidh. Freisin, tá ról **Bhainisteoir an Chláir Samhraidh** agus feidhmeanna an róil seo mar an gcéanna den chuid is mó ó na blianta roimhe seo. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na róil seo ar fáil i gCuid 4 den doiciméad seo.

Tá dhá scéim ar fáil i gClár Samhraidh 2023 do **bhunscoileanna príomhshrutha.**

| Scéimeanna Clár Samhraidh | Ar fáil do: |
|---|---|
| 1. Scéim Bunscoile | Gach bunscoil aitheanta príomhshrutha (scoileanna le ranganna speisialta agus scoileanna DEIS san áireamh) |
| 2. Campa(i) Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta | Gach bunscoil DEIS amháin |

TABHAIR FAOI DEARA: Nuair atá sé beartaithe ag scoil DEIS leas a bhaint as Scéim na mBunscoileanna agus as Campa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta araon, **beidh sé riachtanach anois go reáchtálfar an dá scéim i gcomhthráth mar a bhí in 2024.** Tabharfar breac-chuntas níos iomláine ar na scéimeanna seo i gCuid 1 agus Cuid 2 den doiciméad seo.

## Bearta chun scoileanna a éascú leis an gclár a thairiscint.

Tá sraith leathan tacaíochtaí curtha i bhfeidhm chun scoileanna speisialta a spreagadh agus a éascú chun an clár a thairiscint. Tá na bearta seo deartha chun solúbthacht a chur ar fáil agus chun cabhrú leis an mbainistíocht ó thaobh cúraimí riaracháin. Áirítear leis na tacaíochtaí freisin íocaíocht níos luaithe***** d'fhoireann scoile trí ESINET agus maoiniú do scoileanna a sholáthar chun ullmhú, comhordú agus maoirseacht na gclár a éascú. Tá sonraí breise maidir le próiseas íocaíochta ESINET ar fáil i gCuid 6 den doiciméad seo.

Maidir le foireann, féadfaidh múinteoirí nuacháilithe agus múinteoirí fochéime faoi oiliúint a chláraigh leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 a bheith fostaithe ar an gClár Samhraidh. Is féidir le scoileanna freisin foireann atá cáilithe go cuí a earcú do ról CRS. Tá tuilleadh sonraí maidir le soláthar foirne ar fáil i gCuid 4 den doiciméad seo.

Tugadh ról an **Eagraí** isteach in 2023, ionas gur féidir le boird bhainistíochta agus príomhoidí scoile freagrachtaí bainteach le pleanáil agus ullmhú clár a shannadh ag céim i bhfad níos luaithe dá scoilbhliain. Tá ról **Bhainisteoir an Chláir Samhraidh** ann freisin le linn mhíonna an tsamhraidh nuair a bhíonn an clár ar siúl sa scoil. Spreagtar príomhoidí le dul i dteagmháil le baill foirne maidir leis na

freagrachtaí seo a ghlacadh chun a n-ualach oibre féin a mhaolú agus chun ceannaireacht dáilte a chothú.

Cruthaíonn róil an Eagraí agus Bhainisteoir an Chláir Samhraidh deis spreagúil ghairmiúil do mhúinteoirí a scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus taithí bainistíochta a fháil ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal na forbartha gairmiúla araon.

Cé gur mian lena lán príomhoidí leanúint ar aghaidh leis an gclár a eagrú agus a reáchtáil ina scoileanna féin, mar a tharla sna blianta roimhe seo, sa Chlár Samhraidh 2024, ceadaítear do phríomhoidí na feidhmeanna sin a tharmligean chuig baill foirne eile.

Déanfar na róil seo a mhionsonrú i gCuid 4 den doiciméad seo.

*__TABHAIR FAOI DEARA:__ In 2024, íocadh 90% den fhoireann a ghlac páirt i Scéim na mBunscoileanna agus as Campa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta trí ESINET faoi dheireadh mhí Lúnasa. Leanfaidh an Roinn ag déanamh gac iarracht le híocaíocht luath a éascú dóibh siúd a bheidh rannpháirteach sa scéim seo in 2025.

# 1. An Scéim Bunscoile

## Incháilitheacht daltaí

Tá an Scéim Bunscoile ar fáil do dhaltaí atá cláraithe i ranganna speisialta, daltaí i ranganna speisialta a bhfuil riachtanais speisialta chasta acu agus do dhaltaí atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil.

Ba chóir do bhunscoileanna a bhfuil ranganna speisialta á reáchtáil acu Scéim Bunscoile tús áite a thabhairt do dhaltaí i ranganna speisialta agus áiteanna á sannadh acu dá gclár. Tá gach dalta a fhreastalaíonn ar ranganna speisialta i dteideal páirt a ghlacadh i gclár samhraidh na scoile.

Is féidir áiteanna ina dhiaidh sin a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu i ranganna príomhshrutha agus na háiteanna eile ar an gclár á dtairiscint dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

I scoileanna príomhshrutha nach bhfuil ranganna speisialta acu, tacóidh an clár scoilbhunaithe le daltaí i ngrúpaí de suas le dáréag leanbh. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hincháilitheacht don chlár, ba chóir tosaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu i ranganna príomhshrutha agus na háiteanna eile ar an gclár á dtairiscint dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Chun críocha na Scéime Bunscoile, sainmhínítear daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu mar seo:

1. Na daltaí go léir atá rollaithe i ranganna speisialta.

2. Daltaí a bhfuil na riachtanais is suntasaí acu i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus atá ag rochtain an leibhéil is airde tacaíochta sa Chontanam Tacaíochta (Tacaíocht Scoile Móide)1. Áireofar leo sin líon beag daltaí a bhfuil riachtanais bhuana acu, ar riachtanais iad a dhéanann difear suntasach don chumas atá acu foghlaim, feidhmiú go neamhspleách agus páirt a ghlacadh san oideachas.

Tá gá ag na daltaí sin le cláir foghlama an-indibhidiúil agus an-difreáilte atá an-éagsúil ar fad ó chláir foghlama a gcomhdhaltaí. D’fhéadfaí go mbeidh na riachtanais seo a leanas ag na daltaí sin:


- Riachtanais shuntasacha ó thaobh feidhmiú fisiceach agus/nó feidhmiú céadfach (lena n-áirítear daltaí atá bodhar nó atá thíos le caillteanas éisteachta atá sa raon idir caillteanas trom agus caillteanas domhain agus daltaí atá dall nó atá thíos le lagú amhairc atá sa raon idir lagú trom agus lagú domhain)
- Riachtanais shuntasacha ó thaobh feidhmiú cognaíoch agus scileanna neamhspleáchais/ scileanna maireachtála laethúla (lena n-áirítear daltaí a bhfuil míchumas foghlama orthu atá sa raon idir míchumas measartha agus míchumas trom NÓ atá sa raon idir míchumas suntasach agus míchumas domhain)
- Riachtanais shuntasacha i ndáil le cumarsáid shóisialta agus idirghníomhú sóisialta, mar aon le patrúin dhochta atriallacha iompraíochta
- Daltaí a bhfuil Uathachas orthu
- Daltaí a bhfuil siondróm Down orthu

- Daltaí a bhfuil riachtanais mhothúchánacha iompraíochta atá trom NÓ suntasach acu, atá chomh trom nó chomh suntasach sin go dtéann siad i bhfeidhm ar an gcumas atá ag an dalta foghlaim, feidhmiú go neamhspleách agus páirt iomlán a ghlacadh sa saol scoile.

Tá leanaí a shásaíonn na critéir thuasluaite agus iad ag tosú sa bhunscoil i mí Mheán Fómhair 2025 incháilithe freisin don chlár.

***Contanam Tacaíochta***

Tá creat Contanam Tacaíochta (ar fáil anseo)leagtha amach ag an Roinn chun cabhrú le scoileanna riachtanais daltaí a aithint agus freagairt dóibh. Aithnítear sa chreat seo go dtarlaíonn riachtanais speisialta oideachais feadh chontanam, ó éadrom go dian, agus ó neamhbhuan go fadtéarmach, agus go mbíonn gá ag daltaí le leibhéil éagsúla tacaíochta ag brath ar na riachtanais a aithnítear dóibh. Is éard atá sa Chontanam Tacaíochta ná samhail réiteach fadhbanna don mheasúnú agus don idirghabháil a chuireann ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú agus a anailísiú, mar aon le dul chun cinn daltaí aonair a phleanáil agus a athbhreithniú. Trí úsáid a bhaint as an gcreat seo, cuidítear lena chinntiú go dtarlaíonn na hidirghabhálacha céim ar chéim, ag bogadh ó idirghabhálacha rangbhunaithe go tacaíocht níos déine agus níos aonair, agus go mbíonn siad bunaithe ar mhonatóireacht chúramach ar dhul chun cinn. Tugann Treoirlínte do Bhunscoileanna Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu na Roinne (ar fáil anseo) treoir do scoileanna maidir le riachtanais daltaí a aithint agus freagairt dóibh mar chuid den chreat Contanam Tacaíochta.




Seo a leanas treoir chun cuidiú le scoileanna daltaí a mheasann siad atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a aithint agus a roghnú.

**Ní liosta uileghabhálach é seo ach tá sé ann mar threoir.**

- Daltaí atá aitheanta cheana féin ag an scoil mar na daltaí is mó atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais agus atá i mbaol luathfhágáil scoile.
- Daltaí a bhfuil fáil acu ar thacaíochtaí scoile MOS nó CRS le linn na scoilbhliana
- Tugann an Scéim Bunscoile deis freisin do scoileanna dul i ngleic le riachtanais daltaí imirceacha ar nós aghaidh a thabhairt ar scileanna Béarla agus comhtháthú, lena n-áirítear daltaí a tháinig go hÉirinn ón Úcráin agus ó thíortha eile.
- Daltaí ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach

Is iad na scoileanna is fearr agus tá an neamhspleáchas acu cinneadh a dhéanamh maidir leis na daltaí is dóichí a bheidh i mbaol míbhuntáiste oideachais. Is iad na scoileanna is fearr freisin a dhéanfaidh cinneadh ar an gcaoi a reáchtálfar an scéim seo chun freastal ar riachtanais a gcohóirt daltaí.

**Ní bheidh clár baile-bhunaithe ar fáil ach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu nuair nach bhfuil Clár Samhraidh á reáchtáil ag a scoil nó nuair nach bhfuil áit ar fáil ar chlár scoilbhunaithe.**

## Fad na Scéime

Ba cheart Scéim na Scoileanna Speisialta a bheith ar siúl ar feadh 2 sheachtain ar a laghad agus ar feadh 5 seachtaine ar a mhéad le linn na laethanta saoire samhraidh scoile. Ní gá gur seachtainí comhleanúnacha a bheadh i gceist, tá an scéim solúbtha ionas gur féidir le scoileanna na seachtainí is fearr a oireann dá gcuid riachtanas agus den fháil atá ar a foireann a roghnú. Ní féidir an clár a reáchtáil ag an deireadh seachtaine ná ar Lá Saoire Bainc.

## Leithdháileadh Foirne – An líon grúpaí

| | |
|---|---|
| Scoláirí atá rollaithe i ranganna speisialta | Tá an fhoireann (múinteoirí agus CRSanna) mar an gcéanna mar atá leithdháileadh acmhainní an ranga speisialta atá ann cheana féin i rith na scoilbhliana (e.g. Tá scoláirí rollaithe i rang speisialta do leanaí a bhfuil uathachas orthu: Is é an cóimheas idir Scoláirí agus Múinteoirí do na Cláir Samhraidh seo 6:1 agus dhá CRS). |
| Scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais atá rollaithe i ranganna príomhshrutha* | Beidh an cóimheas idir Múinteoirí agus Scoláirí 12:1 agus CRS amháin |
| Meascán de ghrúpa scoláirí a bhfuil socrúcháin **ranga speisialta** acu agus scoláirí incháilithe a bhfuil **riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais** atá i **socrúcháin ranga príomhshrutha** | Tá an fhoireann (múinteoirí agus CRSanna) mar an gcéanna mar atá leithdháileadh acmhainní an ranga speisialta atá ann cheana féin i rith na scoilbhliana eg. Tá áit ag scoláire i rang speisialta do leanaí a bhfuil Uathachas orthu: Is é an cóimheas idir Scoláirí agus Múinteoirí do na Cláir Samhraidh seo 6:1 agus dhá CRS |
| *Má tá níos mó ná sé áit tugtha do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu is féidir leis an scoil grúpa(í) breise a chur le chéile trí r-phost a chur chuig an Roinn le cead a fháil chun grúpa(í) breise a chur le chéile.<br><br>Sa ghrúpa ranga speisialta nó sa suíomh ina bhfuil grúpaí comhcheangailte, chun críocha an Chláir Samhraidh, tá an tsolúbthacht ag scoileanna chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr leis an leithdháileadh acmhainní atá ann cheana féin a ailíniú le déileáil le níos mó leanaí sna grúpaí seo. | |

## An líon is lú daltaí atá ag teastáil

Iarrtar ar scoileanna a thabhairt faoi deara gur cheart ceathrar leanaí agus daoine óga ar a laghad a bheith páirteach i Scéim na Scoileanna Speisialta. Mar sin féin, tá sé i gceist go mbeadh cur chuige na

Roinne solúbtha ar mhaithe leis an líon leanaí agus daoine óga agus scoileanna rannpháirteacha a uasmhéadú. Má bhíonn aon fhiosruithe agat maidir leis an líon is lú tairseacha, téigh i dteagmháil le schoolsummerprogramme@education.gov.ie.

# 2. Campa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta/Campaí Samhraidh

Beifear ag súil go ndéanfaidh scoileanna DEIS a ghlacann páirt i Scéim na mBunscoileanna agus i gCampa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta/Campaí Samhraidh DEIS araon **an dá scéim a reáchtáil i gcomhthráth anois.** Mar shampla, má dhéantar Scéim na mBunscoileanna a reáchtáil i rith an dá chéad seachtain i Mí Iúil, ansin ní mór an Campa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta/Campaí Samhraidh a reáchtáil freisin sa tréimhse chéanna.

Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige comhordaithe sin timpeallacht foghlamtha níos ionchuimsithí a chruthú do dhaltaí uile le linn na míonna samhraidh, agus ag an am céanna tacaíocht á tabhairt do dhaltaí le haghaidh caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a choimeád lena gcuid piaraí.

## Incháilitheacht daltaí

Féadfaidh scoileanna spriocdhíriú ar an gcohórt daltaí a mheasann siad go mbainfidh siad tairbhe as an eispéireas, agus aird chuí á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil agus ar riachtanais aonair na ndaltaí. Féadfaidh scoileanna áiteanna a leithdháileadh ar aon aoisraon ar bith, lena n-áirítear daltaí i rang 6.

Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil daltaí atá á rollú sna Naíonáin Sóisir i mí Mheán Fómhair 2025 incháilithe chun freastal ar na campaí seo.

## Fad an chláir

Féadfaidh scoileanna suas le 2 champa samhraidh litearthachta agus uimhearthachta a mhairfidh 1 seachtain an ceann a reáchtáil le linn na laethanta saoire samhraidh scoile. Ní féidir campaí a reáchtáil ag an deireadh seachtaine ná ar Lá Saoire Bainc.

## Leithdháileadh foirne

Is féidir le scoileanna tacaíocht a thabhairt do suas le 36 dalta in aghaidh na seachtaine gach seachtain, le tacaíocht ó 1 mhúinteoir do gach 12 dalta i ngach campa. Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh freisin ar champaí a reáchtáil ina mbeidh 2 mhúinteoirí le haghaidh 24 dalta.

Caithfidh gach múinteoir atá ag obair ar champaí litearthachta agus uimhearthachta bunscoile DEIS a bheith lán-chláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Déanfaidh gach scoil cinneadh maidir le dearadh an Champa Samhraidh, de réir an chreata atá leagtha amach i **Lámhleabhar an Champa**, bunaithe ar riachtanais a daltaí. Tá an clár maoinithe chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus sóisialta. Tá sé mar aidhm cabhrú le daltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta nó acadúla teanga agus uimhearthachta acu a mbeadh leas le fáil acu as Campa Samhraidh ar feadh seachtaine le cóimheas múinteoir-dalta an-fhabhrach.

## An líon íosta daltaí is gá

Iarrtar ar scoileanna a thabhairt faoi deara go gcaithfear ar a laghad 12 dhalta a bheith ar na campaí le go measfar iad a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sna Clár Campa(í) Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS

## Oiliúint foirne

Déanfaidh Ionaid Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar/na hUaimhe seisiúin oiliúna a sholáthar chun an Clár Campa(í) Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS a sheachadadh do bhunscoileanna DEIS. Cuirfear sonraí breise chuig gach scoil rannpháirteach.

# 3. An Próiseas Iarratais

## Tairseach Clárúcháin Ar Líne

Caithfidh scoileanna speisialta ar mian leo páirt a ghlacadh i gClár Samhraidh 2025 clárú ar Thairseach Clárúcháin Ar Líne na Roinne.

Beidh an tairseach ar fáil ar www.gov.ie/summerprogramme go luath tar éis sheoladh an chláir chun deis a thabhairt do scoileanna breithniú a dhéanamh ar fhairsinge an chláir atá ar a gcumas a reáchtáil. Cuirfear an dáta ina n-osclófar an tairseach in iúl do scoileanna leis an nasc cuí.

Tar éis clárúcháin, eiseofar ríomhphoist cheadaithe chuig scoileanna do gach scéim atá cláraithe ag cur síos ar na hacmhainní atá ceadaithe.

## Achomhairc ar Leithdháileadh Acmhainní

Má bhíonn fiosrú ag scoil nó más mian le scoil soláthar breise foirne a éileamh, lena n-áirítear tacaíocht CRS, ba cheart don Eagraí teagmháil a dhéanamh le schoolsummerprogramme@education.gov.ie agus bunús an achomhairc á leagan amach sula dtosaíonn an clár.

Cuirfear na spriocdhátaí d’achomhairc in iúl do scoileanna nuair a osclaíonn an tairseach clárúcháin.

# 4. Acmhainní foirne

Níl róil an **Eagraí** agus an **Bhainisteora** teoranta do phríomhoide na scoile. Moltar na róil seo a fhorbairt laistigh den scoil chun na hualaí oibre a mhaolú.

**Cruthaíonn na róil seo deiseanna nua forbartha agus ceannaireachta d'fhoireann scoile agus fás ar an gceannaireacht dáilte laistigh de scoileanna.**

## Ról an Eagraí

Is é **€2,000** an t-ollphá a bheidh ag gabháil le Ról an Eagraí do scoileanna rannpháirteacha amháin, agus is féidir é seo a éileamh a luaithe a thosaíonn clár a scoile. Is féidir le haon mhúinteoir buan nó ar théarma seasta, an príomhoide san áireamh, sa scoil rannpháirteach glacadh le ról an Eagraí. Má bhíonn suim ag níos mó ná múinteoir amháin sa ról seo, beidh an fhreagracht ar an mBord Bainistíochta an t-iarrthóir is oiriúnaí a roghnú. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an tEagraí faoi dhualgais ar leith mar a leagtar amach thíos.

Tá sé i gceist go mbeidh formhór obair an Eagraí bainteach le hobair ullmhúcháin don chlár a thosóidh i mí Feabhra 2025 go dtí go gcuirfear tús leis an gClár Samhraidh.

Ba choir na huaireanta a bhaineann leis an bpost a thaifeadadh agus féadfar iad a úsáid do roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó dóibh go léir:

- Dul i dteagmháil le Comhordaitheoir Náisiúnta an Chláir Samhraidh agus eolas a chur ar fáil de réir mar is gá;
- Tabhairt faoi oiliúint a bhaineann leis an gClár Samhraidh atá curtha ar fáil ag an Roinn agus/nó ag na gníomhaireachtaí eile;
- Múinteoirí/CRSanna a chur ar an eolas maidir le hábhair agus acmhainní treorach a chuireann an Roinn ar fáil
- Foireann a earcú chun obair a dhéanamh ar an gclár samhraidh, go hinmheánach agus go seachtrach araon.
- Nuair a bhíonn foireann sheachtrach in úsáid ag scoileanna, nósanna imeachta a bhunú le heolas ábhartha daltaí, doiciméid phleanála chuí agus sonraí faoi pholasaithe agus nósanna imeachta na scoile a éascú agus a roinnt le baill foirne nua nó le baill foirne nach bhfuil taithí acu ar na leanaí agus na daoine óga.
- Oibriú i gcomhar le pearsanra na scoile chun na leanaí agus na daoine óga ar cheart dóibh páirt a ghlacadh sa chlár scoilbhunaithe a aithint agus dul i dteagmháil lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- Clár samhraidh agus gníomhaíochtaí na scoile a fhorbairt de réir théama na bliana seo.
- Clár ama a fhorbairt don Chlár Samhraidh.
- Nuair is gá, socruithe iompair a dhéanamh.
- A chinntiú go bhfuil socruithe (i.e. seomraí ranga, foirgnimh scoile) sa scoil ar fáil i rith an chláir.
- Dul i dteagmháil le Riarthóir Áitiúil Esinet lena chinntiú go gcuireann siad foireann sheachtrach san áireamh ar liosta acmhainní / foirne na scoile. Beidh sé seo le déanamh sula dtosaíonn Bainisteoir an Chláir Samhraidh.

Beidh gá le comhoibriú idir an tEagraí agus Bainisteoir Chlár Samhraidh na scoile sula gcuirfear tús le scéim na Scoileanna chun tacú le seachadadh an Chláir Samhraidh sa scoil. Tá gá leis na dualgais seo a thabhairt ar láimh do Bhainisteoir an Chláir Samhraidh mar chuid d'obair ullmhúcháin an Eagraí.

## Ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh

Is athrú teidil é ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh ó Ról an Mhaoirseora a bhí ann sna blianta roimhe seo.

Caithfidh gach scoil Bainisteoir a cheapadh don Chlár Samhraidh. Is féidir le haon mhúinteoir buan nó múinteoir ar théarma seasta, lena n-áirítear an príomhoide agus Eagraí an Chláir Samhraidh sa scoil rannpháirteach, ról an Bhainisteoir an Chláir Samhraidh a ghlacadh. Moltar go ndéantar breithniú ar an gceapachán seo i gcomhthéacs an duine a bhfuil an taithí ábhartha is mó aige/ aici i riachtanais speisialta oideachais (RSO).

Níl cead ag Bainisteoir an Chláir Samhraidh páirt a ghlacadh sa chlár i ról múinteoireachta mar beidh sé/sí freagrach as an gclár a bhainistiú agus a threorú sa scoil.

Ní mór don Bhainisteoir/ do na Bainisteoirí a bheith i láthair do thréimhse iomlán an chláir chun déileáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Áireofar le ról Bhainisteora an Chláir na dualgais seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ag gníomhú mar phointe teagmhála don Roinn agus/nó don Ionad Oideachais agus do thuismitheoirí maidir leis an gclár samhraidh.
- Ag gníomhú mar phointe teagmhála don Chigireacht sa chás go mbíonn cuairt ar an scoil i rith an Chláir Samhraidh.
- Ag gníomhú mar theagmhálaí le baill foirne eile atá ag obair ar an gclár maidir le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn.
- A c(h)lár a bhunú agus a chinntiú go bhfeidhmíonn sé laistigh de na hacmhainní atá ceadaithe ag an Roinn.
- Más infheidhme, ag déileáil le haon fhadhbanna atá ag leanaí agus daoine óga rannpháirteacha maidir le seirbhísí iompair.
- A chinntiú go gcuirtear tuairisceáin chuí chuig an Roinn maidir le luach saothair múinteoirí, CRSanna, Eagraí agus Bainisteora ar nó roimh na spriocdhátaí foilsithe.
- Suirbhé gairid maidir le Clár na mBéilí Samhraidh a chríochnú (nuair a baineadh leas as).
- A chinntiú go n-eisítear aon doiciméid threoracha ábhartha arna soláthar ag an Roinn chuig baill foirne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas íocaíochta.
- Éilimh ar íocaíochtaí deontais agus ar aon chostais iompair a chur isteach chuig an Roinn nó chuig an Ionaid Oideachais.
- A chinntiú go ndéantar aon ábhar meastóireachta ar an gClár Samhraidh a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an Roinn, ceistneoirí meastóireachta ar líne san áireamh.

## Ról an Mhúinteora

Go hidéalach, cuideoidh rannpháirtíocht múinteoirí a bhfuil cur amach acu ar riachtanais na leanaí nó na ndaoine óga a bheidh ag freastal ar na cláir leis na scoileanna a mbíonn clár samhraidh á thairiscint acu. Má bhíonn an taithí seo ag múinteoirí, beidh sé níos éasca dóibh tosaíochtaí foghlama atá ailínithe le pleananna tacaíochta atá ann cheana féin a bhunú agus clár tacaíochta a dhearadh chun nasc leis an scoil a choinneáil.

Má tá múinteoirí eile fostaithe, ba chóir go n-iarrfadh na múinteoirí seo fáil a bheith acu ar an bplean tacaíochta is déanaí do na leanaí agus daoine óga chun cuidiú le tosaíochtaí foghlama a bhunú.

## Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta (CRS)

Más féidir, ba chóir do scoileanna a chuireann an Clár Samhraidh ar fáil iarracht a dhéanamh rannpháirtíocht CRSanna a bhfuil cur amach acu ar na leanaí agus daoine óga a bheidh ag freastal air a chinntiú. Ba chóir go leanfadh róil agus dualgais na CRSanna le linn an chláir samhraidh le bheith ar aon dul leis na róil atá leagtha amach i bpolasaí RSO na scoile agus go mbeidís de réir na bpleananna cúraim atá ann cheana féin do na leanaí agus daoine óga. Ba chóir béim ar leith a bheith ar riachtanais sláinte agus chúraim a shásamh agus ar neamhspleáchas a chothú.

Caithfidh CRSanna a bheith 17 mbliana d’aois ar a laghad chun oibriú ar an gClár Samhraidh.

## Baill foirne sheachtracha a earcú

Is féidir le scoileanna múinteoirí agus/nó CRSanna a fhostú ó lasmuigh den scoil mura bhfuil gnáthbhaill foirne na scoile ar fáil do chuid den chlár samhraidh nó don chlár samhraidh ar fad.

Moltar do scoileanna nósanna imeachta a bhunú le heolas ábhartha daltaí, doiciméid phleanála chuí agus sonraí faoi pholasaithe agus nósanna imeachta na scoile a roinnt le múinteoirí nua nó le múinteoirí nach bhfuil taithí acu ar na leanaí agus na daoine óga. Cuirfear treoir bhreise ar fáil do scoileanna agus d’Eagraithe mar chuid de thacaíochtaí Chlár Samhraidh 2025.

Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) an clár samhraidh chun cinn le múinteoirí iarchéime na bliana seo, múinteoirí faoi oiliúint ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) agus mic léinn fhochéime atá cláraithe faoi Bhealach 5 chun an soláthar múinteoirí atá ar fáil a mhéadú an samhradh seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil do gach catagóir múinteoirí sna codanna ábhartha thíos.

Chun cabhrú le múinteoirí agus le CRSanna folúntais do chláir samhraidh a aithint i scoileanna, tá Cláir Fógraí Clár Samhraidh cruthaithe ag IPPN. Beidh na cláir fógraí seo ar fáil faoi cheann cúpla seachtain agus is féidir iad a fheiceáil trí chuntas a chruthú www.educationposts.ie. Cuideoidh sé seo le scoileanna teacht ar bhaill foirne ábhartha go háitiúil.

**Caithfidh scoileanna cloí le nósanna imeachta caighdeánacha earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin nuair a bhíonn na baill foirne uile á bhfostú.**

## Múinteoirí céime a earcú

Féadfaidh múinteoirí a bhfuil céim acu obair ar an gClár Samhraidh má tá tús curtha acu lena bpróiseas clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus má chomhlíon siad na coinníollacha seo a leanas:

1. Go bhfuil dtorthaí deiridh faighte acu óna IAO ag deimhniú go bhfuil siad incháilithe le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
2. Go bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích mar chuid den iarratas uathu chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
3. Go mbeidh a gclárú leis an gComhairle curtha i gcrích roimh an 03 Deireadh Fómhair 2025.

Múinteoirí a chomhlíonann na coinníollacha thuas agus nach bhfuil a gclárúchán sa Chomhairle Mhúinteoireachta críochnaithe acu, íocfar iad ag an ráta neamhcháilithe as a rannpháirtíocht sa chlár. Ní féidir ach an ráta cáilithe a íoc le múinteoirí atá cláraithe faoi Bhealach 1 ón dáta clárúcháin de réir mar atá curtha in iúl ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

## Múinteoirí MGO faoi oiliúint a earcú

Féadfaidh múinteoir faoi oiliúint ar an MGO atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 3 – Breisoideachas, oibriú ar an gclár samhraidh.

Beidh múinteoirí MGO faoi oiliúint atá i mBliain 1 den chlár agus a rinne iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhreisoideachas, incháilithe lena bhfostú ag scoileanna speisialta má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

1. Go mbíonn grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích mar chuid dá n-iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
2. Go mbeidh a gclárú leis an gComhairle faoin mbealach Breisoideachais tagtha chun críche roimh an 03 Deireadh Fómhair 2025.

Maidir le múinteoirí MGO faoi oiliúint atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoin mbealach Breisoideachais, íocfar iad de réir an ráta neamhcháilithe as obair ar an gclár samhraidh.

## Múinteoirí fochéime faoi oiliúint a earcú

Tá múinteoir faoi oiliúint atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 incháilithe lena f(h)ostú ag scoileanna.

Íocfar múinteoirí fochéime faoi oiliúint atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 ag an ráta neamhchláilithe ar an gclár samhraidh.

Íocfar múinteoir a bhfuil an chéim acu, múinteoirí MGO faoi oiliúint agus múinteoirí fochéime ar Bhealach 5 ar an dóigh chéanna a n-íoctar baill foirne ionaid.

# 5. Eolas don Fhoireann

## Rátaí íocaíochta

Maidir le bainisteoirí, múinteoirí agus CRSanna a oibríonn ar an gclár, íocfar iad as an obair sin bunaithe ar na rátaí a n-íoctar leo de ghnáth le linn na scoilbhliana, i.e. a ráta pearsanta.

Má bhíonn múinteoir páirteach sa chlár **sa ról CRS** gheobhaidh sé/sí ráta pá an CRS.

## Rátaí pá ionaid

Tabharfar luach saothair do mhúinteoirí ar conradh agus do CRSanna as a gcuid oibre bunaithe ar na rátaí a n-íoctar de ghnáth leo i rith na scoilbhliana .i. a ráta pearsanta. Íocfar ráta pá in aghaidh an lae/uair an chloig le gach duine eile.

## Incháilitheacht múinteoirí/CRSanna atá ar shaoire cheadaithe

Maidir le múinteoir nó CRS atá ar shaoire cheadaithe íoctha nó neamhíoctha óna f(h)ostaíocht le linn thréimhse an chláir samhraidh níl sé/sí incháilithe le bheith páirteach ann. Mar sin féin, tá múinteoir nó CRS atá ar bhriseadh gairme nó ar phostroinnt incháilithe le bheith fostaithe mar mhúinteoir nó CRS le linn thréimhse an chláir. Féadfar múinteoirí atá ag postroinnt nó CRSanna a bheith páirteach go lánaimseartha sa chlár samhraidh.

## Múinteoirí ar scor

Ní féidir le múinteoirí a chuaigh ar scor ar fhorais liachta Shnáitheanna 1 agus 2 den Scéim Luathscoir páirt a ghlacadh sa chlár samhraidh.

Féadfaidh múinteoirí a chuaigh ar scor faoi Shnáithe 3 den Scéim Luathscoir páirt a ghlacadh sa chlár samhraidh. Tabhair faoi deara go mbeidh siad faoi réir shrianta na scéime pinsin lena rialaítear a scor.

# 6. An Próiseas Íocaíochta

Úsáidfidh scoileanna rannpháirteacha córas Esinet na Roinne chun éilimh a chur isteach. Tabharfaidh sé seo deis éilimh a phróiseáil go leanúnach i rith an tsamhraidh.

Déanfaidh an Roinn iarracht na hamanna íocaíochta a laghdú i mbliana do gach éileamh íocaíochta iomlán a chuirtear ar ais roimh na spriocdhátaí foilsithe. Próiseálfaidh an Roinn íocaíochtaí le múinteoirí agus le CRSanna de réir mar a chuirtear isteach éilimh ar íocaíocht chomhlánaithe i rith an tsamhraidh trí thairseach Esinet.

Beidh ar an bPríomhoide nó an Riarthóir Áitiúil róil Cheadaitheoir Sonraí an Chláir Samhraidh agus Iontráil Sonraí an Chláir Samhraidh a shannadh laistigh den scoil chun críocha an chláir samhraidh.

Tá Bainisteoir an Chláir Samhraidh freagrach as a chinntiú go gcuirtear tuairisceáin chuí isteach chuig an Roinn faoi na spriocdhátaí foilsithe nó roimhe sin. Caithfear a chinntiú go n-eisítear sonraí maidir leis an bpróiseas íocaíochta do gach ball foirne a bhfuil baint acu leis an gclár agus go gcuirtear aon treoir dhoiciméid ábhartha a sholáthraíonn an Roinn ar fáil dóibh.

Beidh sé tábhachtach go gcuirfear gach éileamh íocaíochta isteach faoi na spriocdhátaí foilsithe lena chinntiú go n-íoctar an fhoireann in am. Níor cheart do scoileanna a n-éilimh íocaíochta a chur isteach go dtí go mbíonn a gclár críochnaithe.

Cuirfidh an Roinn treoir agus tacaíocht ar fáil le linn an phróisis. Eiseofar tuilleadh sonraí ar an gcaoi inar féidir éilimh a chur isteach chuig na scoileanna rannpháirteacha in am trátha.

**TABHAIR FAOI DEARA:** In 2024, íocadh 90% den fhoireann a ghlac páirt i Scéim na mBunscoileanna agus as Campa Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta trí ESINET faoi dheireadh mhí Lúnasa. Leanfaidh an Roinn ag déanamh gac iarracht le híocaíocht luath a éascú dóibh siúd a bheidh rannpháirteach sa scéim seo in 2025.

# 7. Tacaíochtaí breise

## Íocaíocht Deontais Daltaí an Chláir Samhraidh

Íocfar deontas neamhphá de €30 in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine maidir le gach dalta atá rannpháirteach sa Scéim Bunscoile.

Ní féidir na híocaíochtaí deontais a phróiseáil **go dtí go mbíonn na tuairisceáin Uimhir dalta comhlánaithe ag an scoil** ar an tairseach Esinet. Beidh treoir iomlán ar fáil do scoileanna faoin gcaoi ina ndéanfar an tuairisceán a chomhlánú.

Tosófar na híocaíochtaí deontais seo i mí Dheireadh Fómhair 2024 do scoileanna a bhfuil an tuairisceán seo comhlánaithe acu.

**Campa(í) Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS**

Íocfar deontas neamhphá €30 an dalta in aghaidh na seachtaine le gach scoil a ghlacann páirt i gCampa(í) Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS.

Cuirfear an maoiniú do na campaí DEIS ar fáil tríd an Ionad Oideachais ábhartha sula gcuirfear tús leis na campaí. Déanfaidh an tIonad Oideachais cumarsáid dhíreach le gach scoil atá cláraithe ar an Tairseach Clárúcháin Ar Líne.

## Iompar

**TABHAIR FAOI DEARA:** Má tá seirbhísí iompair scoile ag teastáil uait do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i rith Chlár Samhraidh 2025, ní mór duit na Foirmeacha Iarratais ar Iompar Scoile iniata a chur isteach **chomh luath agus is féidir** lena chinntiú gur féidir an t-iompar atá ag teastáil a eagrú.

**Iompar Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (RSO)**

D'fhéadfadh seirbhísí iompair scoile do Chlár Samhraidh 2025 a bheith ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhaineann leas as iompar de ghnáth faoin *Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* le linn na scoilbhliana.

Is féidir le teaghlach atá ag baint leas as deontas speisialta iompair le linn na scoilbhliana leanúint ar aghaidh ag déanamh amhlaidh má cheadaítear dá leanbh freastal ar an gClár Samhraidh ina scoil. Íoctar deontais ar an ngnáthbhealach nuair a fhaightear Foirm Ráitis Tinrimh óna scoil.

Nuair a chláraíonn scoil don Chlár Samhraidh ní mór d'**Eagraí an Chláir Samhraidh** na nithe seo a leanas a dhéanamh má theastaíonn uathu leanúint ar aghaidh le seirbhísí iompair SEN:

- Nuair a chláraíonn scoileanna don Chlár Samhraidh gheobhaidh siad nasc chuig foirm Iarratais ar Iompar Scoile ina r-phost deimhnithe.
- Comhlánaigh an fhoirm go hiomlán do gach leanbh agus duine óg atá ar iompar RSO faoi láthair (ní gá go mbeadh leanaí óga agus daoine óga a bhaineann leas as Deontas Iompair Speisialta ar an liosta).

- Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig Rannóg Iompair Scoile na Roinne chuig SENtransport@education.gov.ie **chomh luath agus is féidir**.
- Is féidir aon cheist a chur chuig SENtransport@education.gov.ie

Ní mór don scoil gach Foirm Iarratais ar Iompar Scoile a chur isteach roimh an **11 Aibreán 2025** ionas go mbeidh iompar i bhfeidhm do Chlár Samhraidh 2025.

Maidir le coimhdirí atá ag teastáil chun cuidiú a thabhairt ar Sheirbhísí Iompair Scoile RSO mar atá leagtha amach thuas, ba chóir go leanfaí á n-íoc ar an ngnáthbhealach.

Ní mhaoineofar ach seirbhísí a fuair cead ón Roinn do choimhdirí i rith na scoilbhliana i dtaca leis seo.

**Iompar Scoile Príomhshrutha**
Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh Scéim Iompair Bunscoile na Roinne ag feidhmiú ar feadh ré an chláir samhraidh in 2025.

Sa chás go n-aithnítear iompar go dtí agus ó Chlár Samhraidh Bhunscoile mar bhac ar dhaltaí áirithe freastal ar an gclár, féadfaidh scoileanna a gcuid socruithe iompair áitiúla féin a dhéanamh agus na costais ghaolmhara a éileamh ó Rannóg Chlár Samhraidh na Roinne suas go huasmhéid de **€1,750**. in aghaidh na seachtaine.

Níor cheart iompar a shocrú ach amháin do na daltaí sin atá ag baint leasa as iompar scoile cheana féin faoi Scéim Iompar Bunscoile na Roinne. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil ach iompar chuig agus ó chlár an tsamhraidh clúdaithe ag an deontas seo.

Ní mór na nithe seo a leanas a chur in éineacht le gach éileamh maidir le costais iompair:

• na hadmhálacha cuí e.g. fáltais ó chuideachtaí bus príobháideacha, admhálacha tacsaí;
• ainmneacha na ndaltaí ar soláthraíodh iompar dóibh chuig agus ó chlár an tsamhraidh agus;
• deimhniú go bhfuil siad ag baint leasa as Scéim Iompair Buunscoile na Roinne faoi láthair (uimhir aitheantais ticéad bus scoile Bhus Éireann)

agus a chur faoi bhráid schoolsummerprogramme@education.gov.ie nuair a bheidh an clár críochnaithe. Ba cheart gach ceist a bhaineann le socruithe íocaíochta d’iompar príomhshrutha a sheoladh chuig an seoladh sin. Cuirfear tús le híocaíochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2025 le scoileanna a chuir an fhaisnéis riachtanach ar fáil.

# 8. An Clár Béilí Scoile agus An Clár Samhraidh

I mbliana, agus spéis do scoile á clárú le Clár Samhraidh a reáchtáil in 2025, iarrfar ar scoileanna a dheimhniú más mian leo béilí scoile a chur ar fáil i rith a gCláir Samhraidh. Sa chás go dtugann scoil chláraithe le fios go mbeidh siad ag baint leasa as Clár na mBéilí Scoile, roinnfear eolas áirithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun críocha aisíocaíocht a thabhairt do scoileanna níos déanaí sa bhliain. Forbraíodh na cásanna seo a leanas chun cabhrú leat a threorú tríd an bpróiseas.

Cás 1
Tá an scoil ag baint leas as an Clár Béilí Scoile faoi láthair.
Is féidir cur leis an tseirbhís atá ann cheana féin leis an gClár Samhraidh a chur san áireamh.

1. Téann an scoil i dteagmháil lena soláthraí seirbhíse reatha lena fháil amach an bhfuil an soláthraí toilteanach cur lena sheirbhís chun béile amháin in aghaidh an lae a sholáthar do gach leanbh atá ag freastal i rith an Chláir Samhraidh.
2. Má tá an soláthraí seirbhíse reatha ábalta cur lena seirbhís atá ann cheana féin, ba chóir don scoil a chur in iúl dóibh faoin méid seo a leanas:
    - Na dátaí nuair a reáchtálfar an Clár Samhraidh.
    - Líon na seachtainí a reáchtálfar an Clár Samhraidh.
    - Cé mhéad leanbh a bheidh ag freastal gach seachtain.
3. Agus clárú á dhéanamh leis an gClár Samhraidh a reáchtáil, deimhneoidh an scoil na dátaí, líon na seachtainí a reáchtálfar an Clár Samhraidh, cé mhéad leanbh a bheidh ag freastal gach seachtain, ainm a soláthraí, agus an cineál béile amháin a bheidh á thairiscint, Deimhneoidh na scoileanna freisin go **mbeidh siad ag baint leas as an gClár Béilí Scoile lena soláthraí reatha.**
4. Seolfaidh an Roinn Oideachais an t-eolas seo go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) a eiseoidh foirm chuig an scoil, a chuirfear ar ais go dtí an RCS le sonraisc an tsoláthraí a luaithe agus atá an Clár Samhraidh curtha i gcrích ionas gur féidir iarratas ar íocaíocht a phróiseáil.

Cás 2
Tá an scoil ag baint leas as an Clár Béilí Scoile faoi láthair.
Ní féidir cur leis an tseirbhís atá ann cheana féin leis an gClár Samhraidh a chur san áireamh.

1. Mar atá i gCás 1, ba chóir don scoil dul i dteagmháil lena soláthraí seirbhíse reatha lena fháil amach an bhfuil sé toilteanach cur lena sheirbhís chun béile amháin in aghaidh an lae a sholáthar do gach leanbh atá ag freastal i rith an Chláir Samhraidh.
2. Más rud é nach bhfuil an soláthraí reatha in ann cur leis an tseirbhís reatha don Chlár Samhraidh, ba chóir don scoil:
    - Sula dtosaíonn an Clár Samhraidh, treoirlínte soláthair a leanúint agus meastacháin a fháil ó thrí sholáthraí iomaíocha.
    - An soláthraí is oiriúnaí a roghnú (féach an chuid ar Soláthraí á Roghnú).

   Sna measacháin ba chóir go gclúdófaí:
    - Soláthair oiriúnacha lena chinntiú gur féidir leis an scoil béile amháin in aghaidh an lae a chur ar fáil do gach leanbh atá ag freastal ar an gClár Samhraidh.
    - Líon na seachtainí a reáchtálfar an Clár Samhraidh.
    - Ní féidir le ráta an bhéile do gach leanbh a bheith níos mó ná an ráta atá ceadaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) (féach tábla na rátaí).
3. Agus clárú á dhéanamh leis an gClár Samhraidh a reáchtáil, deimhneoidh an scoil na dátaí, líon na seachtainí a reáchtálfar an Clár Samhraidh, cé mhéad leanbh a bheidh ag freastal gach seachtain, ainm a soláthraí, agus an cineál béile amháin a bheidh á thairiscint, Deimhneoidh na scoileanna freisin go **mbeidh siad ag baint leas as an gClár Béilí Scoile lena soláthraí difriúil.**
4. Seolfaidh an Roinn Oideachais an t-eolas seo go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) a eiseoidh foirm chuig an scoil, a chuirfear ar ais go dtí an RCS le sonraisc an tsoláthraí a luaithe agus atá an Clár Samhraidh curtha i gcrích ionas gur féidir iarratas ar íocaíocht a phróiseáil.

Cás 3
Níl an scoil ag baint leas as an gClár Béilí Scoile faoi láthair, ach is mian léi go gcuirfí béile scoile ar fáil.

1. Mar atá i gcás 2, ba chóir don scoil:
    - Sula dtosaíonn an Clár Samhraidh, treoirlínte soláthair a leanúint agus meastacháin a fháil ó thrí sholáthraí iomaíocha.
    - An soláthraí is oiriúnaí a roghnú (féach an chuid ar *Soláthraí á Roghnú*).

    Sna measacháin ba chóir go gclúdófaí:
    - Soláthair oiriúnacha lena chinntiú gur féidir leis an scoil béile amháin in aghaidh an lae a chur ar fáil do gach leanbh atá ag freastal ar an gClár Samhraidh.
    - Líon na seachtainí a reáchtálfar an Clár Samhraidh.
    - Ní féidir le ráta an bhéile do gach leanbh in aghaidh an lae a bheith níos mó ná €3.20.
    - Na treoirlínte cothaithe a chomhlíonadh.
      Gach club https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/137751/e73efe75-cb05-43c7-bc01-916249f90380.pdf#page=null
      Béilí teo www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/128268/d07bed24-dd1d-4055-8ced-5e381621ca65.pdf#page=null

2. Agus clárú á dhéanamh leis an gClár Samhraidh a reáchtáil, deimhneoidh an scoil na dátaí, líon na seachtainí a reáchtálfar an Clár Samhraidh, cé mhéad leanbh a bheidh ag freastal gach seachtain, ainm a soláthraí, agus an cineál béile amháin a bheidh á thairiscint, Deimhneoidh na scoileanna freisin go **mbeidh siad ag baint leas as an gClár Béilí Scoile mar rannpháirtí den chéad uair.**

3. Seolfaidh an Roinn Oideachais an t-eolas seo go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) a eiseoidh foirm chuig an scoil, a chuirfear ar ais go dtí an RCS le sonraisc an tsoláthraí a luaithe agus atá an Clár Samhraidh curtha i gcrích ionas gur féidir iarratas ar íocaíocht a phróiseáil.

Cás 4
Ní mian leis an scoil a bheith rannpháirteach sa *Chlár Béilí Scoile*.

Tá sé de rogha a bheith rannpháirteach sa *Chlár Béilí Scoile* don Chlár Samhraidh. Agus clárú á dhéanamh leis an gClár Samhraidh a reáchtáil, deimhneoidh an scoil nach mian léi a bheith rannpháirteach **nach mbeidh sí ag baint leas as an gClár Béilí Scoile**.

## Ag Roghnú Soláthrai

Má tá do scoil mar chuid den Scéim Béilí Scoile cheana féin, agus má tá do sholáthraí seirbhíse reatha in ann béilí a sholáthar do Chlár Samhraidh 2025, ní gá soláthraí nua a roghnú.

Más do scoil* -
(i) a bheidh ag baint leasa as an gClár Samhraidh le soláthraí eile seachas gnáthsholáthraí Chlár na mBéilí Scoile; nó
(ii) gur mian leo leas a bhaint as an gClár Samhraidh mar rannpháirtí céaduaire,

- féach an treoir thíos le do thoil.

Maidir le dualgais soláthair na scoile mar chomhlacht poiblí, ní mór na treoirlínte seo a leanas a leanúint:

- Nuair atá luach iomlán an chonartha níos lú ná €5,000, is leor moladh amháin a lorg.
- Nuair atá luach iomlán an chonartha idir €5,000 agus €50,000, ní mór don scoil 3 thogra ar a laghad a lorg.
- Nuair a sháraíonn luach iomlán an chonartha €50,000, ní mór tairiscint a fhoilsiú.

Agus soláthraí á roghnú le haghaidh béilí scoile, ní mór do scoileanna a chur san áireamh freisin:

- Oiriúnacht an tsoláthraí seirbhíse do riachtanais na scoile
- Caighdeán an tsoláthair
- Castachtaí na riachtanas seirbhíse, lena n-áirítear córas ordaithe agus seachadta, riachtanais chothaithe, an gá le bia a leachtú, etc.
- Cloí le gach dualgas Sláinte agus Sábháilteachta ag soláthraithe seirbhíse
- Cloí leis na treoirlínte cothaithe ag soláthraithe seirbhíse:
  - Gach Club: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/137751/e73efe75-cb05-43c7-bc01-916249f90380.pdf#page=null
  - Béilí Te: www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/128268/d07bed24-dd1d-4055-8ced-5e381621ca65.pdf#page=null

*moltar go láidir gur cheart do scoileanna a úsáideann soláthraí difriúil/nua machnamh a dhéanamh ar bhéilí réamhullmhaithe a bheith 'réidh le hithe' amháin.

Maidir le scoileanna cláraithe a thugann le fios go bhfuil gá le soláthraí seirbhíse nua do Chlár Samhraidh 2025, rachaidh SPU i dteagmháil leo, trí ríomhphost, am éigin tar éis an spriocdháta le haghaidh clárúcháin.

## Scoileanna á n-aisíoc le haghaidh béilí scoile

Aisíocfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) do chineál club amháin, do gach dalta atá ag freastal in aghaidh an lae ar feadh líon na laethanta ina reáchtáiltear an Clár Samhraidh i do scoil. Ní cheadaítear ach cineál club amháin do gach scoil mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

| **Ainm an Chlub** | **Samplaí de bhia atá le cur ar fáil** | **Uasráta** |
|---|---|---|
| Bricfeasta nó Sneaic | 1 riar de ghránach nó arán caiscín nó lánchruithneachta móide 1 riar de thorthaí **nó** iógart nó cáis. | €0.75 |
| Lón nó Tar éis scoile le Deoch | Ceapaire nó rolla caiscín nó lánchruithneachta ina bhfuil 1 riar d'fheoil, d'éineoil, d'ubh nó de cháis agus 1 riar de shailéad móide 1 riar de thorthaí móide deoch, mar shampla, uisce, bainne nó sú neamh-mhilsithe. | €1.70 |
| Dinnéar le Deoch | 1 riar d'fheoil, d'éineoil, d'ubh nó de cháis agus 1 riar de phrátaí, pasta nó rís móide 2 riar de ghlasraí nó de thorthaí móide deoch, mar shampla, uisce, bainne nó sú neamh-mhilsithe | €2.50 |
| Béile Te | De réir na gcaighdeán cothaithe sa doiciméad | €3.20 |

Is chun críche treorach amháin an t-eolas thuas. Ba chóir na fiosruithe uile maidir leis an *gClár Béilí Scoile* a sheoladh chuig School.Meals@welfare.ie.

# 9. Tuilleadh eolais

## Cosaint Leanaí

De réir na nósanna imeachta um chosaint leanaí do scoileanna, ní mór do na boird bhainistíochta comhalta sinsearach lánaimseartha d'fhoireann teagaisc chláraithe na scoile a ainmniú mar an duine idirchaidreamh ainmnithe DIA don scoil. Ceaptar gurb é an DIA an príomhoide de ghnáth.

Tá an bord bainistíochta freagrach freisin as comhalta eile d'fhoireann teagaisc chláraithe lánaimseartha na scoile (ar a dtabharfar an leas-DIA) a ainmniú chun freagrachtaí an DIA a ghlacadh, má bhíonn an DIA as láthair. Nuair is féidir, ceaptar gurb é an leas-DIA leas-phríomhoide ar an scoil.

Lena chinntiú go gcomhlíontar dualgais a eascraíonn as dualgais éagsúla na scoile faoi Chosaint Leanaí, tá sé tábhachtach nach mbeadh aon mhoill ar thuairisciú aon ábhair imní faoi chosaint leanaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

Más duine seachas an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)/Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA) é Bainisteoir an Chláir Samhraidh, ba chóir teagmháil a dhéanamh láithreach leis an DIA/Leas-DIA chun déileáil le haon ábhair imní faoi chosaint leanaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

Mura bhfuil an DIA/Leas-DIA ar fáil le teagmháil a dhéanamh leis/léi le linn na tréimhse seo, ba chóir don Bhord Bainistíochta/BOO socruithe a dhéanamh chun Bainisteoir an Chláir Samhraidh a ainmniú leis an ról a ghlacadh ar bhonn sealadach. Ní mór don bhord bainistíochta an cinneadh seo a dhéanamh agus é a dhoiciméadú go soiléir i miontuairiscí an bhoird. Ní mór ainmneacha an DIA/Leas-DIA ghníomhaigh a chur ar taispeáint go feiceálach ag an mbealach isteach/amach go dtí an limistéar scoile ina bhfuil clár an tsamhraidh ar siúl. Ní mór oiliúint chuí a chur ar an DIA/Leas-DIA gníomhach dá róil sula gcuirtear tús leis an gclár samhraidh.

Tá sé tábhachtach soiléireacht iomlán a bheith ann maidir leis na socruithe atá á n-úsáid agus go mbeadh gach ball foirne lena n-áirítear an DIA agus an Leas-DIA ar an eolas faoi na cúinsí teoranta agus eisceachtúla ina gcuirfear iad i ngníomh.

Ní mór nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear an polasaí agus nósanna imeachta frithbhulaíochta i bhfeidhm agus go gcloítear leo le linn chlár an tsamhraidh agus go gcuirtear príomhoide na scoile agus an bord bainistíochta ar an eolas faoi aon ábhar imní/teagmhais bhulaíochta.

## An Ghaeilge

Sna cláir lán-Ghaeilge, tá sé tábhachtach gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga chumarsáide.

## Treoirlínte Sláinte Poiblí

Caithfidh scoileanna na cláir samhraidh a chur i bhfeidhm de réir aon chomhairle agus treoirlínte sláinte poiblí. Foilsítear an fhaisnéis is mó suas chun dáta ar shuíomh gréasáin an FSS ar: [https://www2.hse.ie/conditions/covid19/](https://www2.hse.ie/conditions/covid19/)

## Fad an lae scoile

**An Scéim Bunscoile**
Tá fad an lae scoile ailínithe leis an ngnáthlá scoile mar atá leagtha amach i gCiorclán 11/95.

**Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta DEIS/Campaí Samhraidh**
Soláthrófar gníomhaíochtaí do champaí litearthachta agus uimhearthachta DEIS ar feadh 22.5 uair sa tseachtain.

- Tá campa le tosú tráth nach déanaí ná 10 am
- Ní mór teagasc a sholáthar ar feadh ceithre huaire an chloig gach lá
- De bhreis ar theagasc ar feadh ceithre huaire an chloig, cuirtear 30 nóiméad i leataobh gach lá le haghaidh tréimhse lóin/sosa faoi lánmhaoirseacht

## Fiosruithe agus Tacaíocht

Is féidir aon eolas agus acmhainní oiliúna ábhartha don chlár samhraidh a fháil ag an nasc seo: https://www.gov.ie/Summerprogramme

Is féidir aon fhiosruithe eile a chur chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie.

Tá líne chabhrach ar fáil freisin don Chlár Samhraidh ag 09064 84292; foilseofar na hamanna agus na dátaí ina bhfuil an líne oscailte ar https://www.gov.ie/Summerprogramme.

Cuireann an CNOS acmhainní ar fáil chun tacú leis an gclár samhraidh scoilbhunaithe. Leis na hacmhainní sin, tacaítear le teagascóirí eispéiris foghlama atá spéisiúil a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, áit a ndírítear ar an gcaidreamh lena scoileanna a dhaingniú, ag tacú le folláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach, ag tógáil ar a muinín mar fhoghlaimeoirí agus ag forbairt scileanna agus gnáthamh chun tacú tacú le haistriú rathúil chuig an gcéad chéim eile dá n-scolaíocht. Beidh acmhainní ar fáil ag an nasc seo, tar éis seimineár eolais oiliúna do mhúinteoirí: https://ncse.ie/summerprogramme.